An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 12 Márta 2026**
**(OR. en)**

**EUCO 7/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0801(NLE)**

**CO EUR 5**
**INST 34**
**UEM 88**

**GNÍOMHARTHA DLÍ**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE EORPACH lena gceaptar Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE EORPACH**

**an …**

**lena gceaptar Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh**

TÁ AN CHOMHAIRLE EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 283(2) de,

Ag féachaint do Mholadh ón gComhairle an 26 Eanáir 2026 maidir le ceapadh Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh[1],

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Chomhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh[3],

1 IO C, C/2026/707, 28.1.2026,ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/707/io.
2 Tuairim an 10 Márta 2026 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).
3 Tuairim an 26 Feabhra 2026 (IO C, C/2026/1307, 2.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1307/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2018/509 ón gComhairle Eorpach[4], rachaidh téarma oifige Luis DE GUINDOS JURADO, Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh, in éag an 31 Bealtaine 2026. Dá bhrí sin, is gá Leas-Uachtarán nua a cheapadh ar an mBanc Ceannais Eorpach.

(2) Is iomchuí don Chomhairle Eorpach Boris VUJČIĆ, a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 283(2) den Chonradh, a cheapadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[4] Cinneadh (AE) 2018/509 ón gComhairle Eorpach an 22 Márta 2018 lena gceaptar Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh (IO L 83, 27.3.2018, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/509/oj).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Boris VUJČIĆ ina Leas-Uachtarán ar an mBanc Ceannais Eorpach ar feadh téarma oifige 8 mbliana ón 1 Meitheamh 2026.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle Eorpaigh*
*An tUachtarán*

---